Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland
Eurosystem

Athscríbhinn den fhíseán



# Cad a dhéanann Banc Ceannais na hÉireann?

Is athscríbhinn í seo den fhíseán mínithe: “Cad a dhéanann Banc Ceannais na hÉireann?”

Foilsíodh an físeán seo ar an 11 Meán Fómhair 2019.

[Glaoch]

**Dalta:** Tá sé ag obair anois, a Mháistir.

**Máistir Ó Súilleabháin:** Sea ... dia duit. Tá cur amach againn ar Bhanc Ceannais na hÉireann ach cad go díreach a dhéanann sibh?

**Alex:** Haigh, a chairde. Is mise Alex. Sin ceist mhaith.

Is é misean an Bhainc Ceannais freastal ar leas an phobail trí sheasmhacht airgeadaíochta agus airgeadais a chosaint agus trína chinntiú go bhfuil an córas airgeadais ag feidhmiú chun leasa tomhaltóirí agus chun leasa an gheilleagair.

Oibrímid i réimsí éagsúla chun ár misean a bhaint amach.

1. Cobhsaíocht Praghsanna
   Úsáidimid rátaí úis chun praghsanna a choimeád seasmhach. Tá praghsanna seasmhacha go maith don gheilleagar agus cabhraíonn siad le daoine pleananna a dhéanamh. Socraímid na rátaí úis leis na bainc cheannais eile a úsáideann an euro.

2. Cobhsaíocht Airgeadais
   Oibrímid chun córas airgeadais na hÉireann a choimeád seasmhach. Cinntíonn sé sin go bhfuil an córas airgeadais ann dúinn le linn tréimhsí maithe agus drochthréimhsí araon. Chuige sin, bímid ag faire ar bhagairtí don seasmhacht airgeadais agus glacaimid beartas chun cosaint a thabhairt orthu.

3. Anailís Eacnamaíoch & Staidrimh
   Déanaimid taighde agus bailímid neart staitisticí a chabhraíonn linn beartais a cheapadh a thacaíonn leis an ngeilleagar. Is féidir linn faire ar rioscaí sa chóras airgeadais agus réamhaisnéisí eacnamaíocha a dhéanamh.

**Alex:** Cad iad na róil eile atá ag an mBanc Ceannais?

**Dalta:** Cad faoi rialacha agus rialáil?

**Alex:** Tá an ceart ar fad agat!

4. Rialáil Airgeadais
   Is sinne rialtóir airgeadais na hÉireann. Cuirimid rialacha agus caighdeáin i bhfeidhm agus is gá do chuideachtaí airgeadais cloí leo. Cinntíonn rialacháin stuamachta go bhfuil gnólachtaí fónta agus go ndéantar bainistíocht mhaith orthu. Cinntíonn rialacha cosanta tomhaltóirí go gcaitear go maith leat nuair a cheannaíonn tú táirge airgeadais. Déanaimid maoirseacht ar chuideachtaí le cinntiú go gcloíonn siad leis na rialacha. Mura gcloíonn siad leo, is féidir linn an dlí a chur orthu.

Ach déanaimid i bhfad níos mó ná sin.

5. Íocaíochtaí & Airgeadra
   Cinntímid go bhfuil dóthain airgead tirim ann ionas gur féidir leis an ngeilleagar feidhmiú i gceart. Eisímid na nótaí agus na boinn atá i do phóca. Bímid ag faire ar na córais íocaíochta a úsáidimid chun airgead a aistriú.

6. Réiteach
   Má chliseann ar bhanc, cinntímid go dtarlaíonn sé ar bhealach eagraithe, gan dochar don chóras airgeadais, ionas nach mbeidh ar an gcáiníocóir airgead a chur ar fáil dó. Sa chaoi sin, is féidir le custaiméirí na seirbhísí atá uathu a úsáid.

**Alex:** Oibrímid leis an mBanc Ceannais Eorpach chun na bainc is mó san Eoraip a mhaoirsiú. Bainistímid an Príomh-Chlár Creidmheasa, a chuireann tuarascálacha creidmheasa ar fáil, agus an Scéim Ráthaíochta Taiscí, a chosnaíonn do chuid taiscí, fiú má chliseann ar do bhanc.

Oibrímid lenár gcomhpháirtithe san Eoraip chun beartais a fhorbairt.

Cén fáth a ndéanaimid na rudaí sin?

Toisc gur mian linn obair chun leasa an phobail chun an córas airgeadais a choimeád láidir do chách - don lá atá inniu ann agus don todhchaí freisin.

**Máistir Ó Súilleabháin:** Go raibh maith agat. Tá sé sin i bhfad níos soiléire anois!

**Alex:** Míle fáilte romhat!